An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage

# CCanna:

# Deontas do Réadmhaoin Fholamh Os Cionn an tSiopa



Ciste na mBailte Croí Cónaithe

1. **Cén maoiniú atá ar fáil d'iarratasóirí faoin Deontas do Réadmhaoin Fholamh Os Cionn an tSiopa?**

Ón 31 Márta 2026, tá deontas suas le **€135,000** ar fáil chun spás folamh os cionn siopa a thiontú nó a athchóiriú ina n-aonaid chónaithe le haghaidh áitíochta mar phríomháit chónaithe phríobháideach agus / nó d'aonaid chónaithe a chuirfear ar fáil le ligean ar cíos agus i gcás ina bhfuil tionóntacht/tionóntachtaí cláraithe leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe (BTC), faoi réir cead pleanála cuí a bheith i bhfeidhm.

I gcás ina bhfuil aonad cónaithe amháin á chruthú sa spás folamh os cionn an tsiopa, beidh deontas suas le €95,000 ar fáil, i gcás ina bhfuil dhá aonad cónaithe á gcruthú, tá suas le €115,000 ar fáil agus i gcás ina gcruthaítear trí aonad nó níos mó, tá suas le €135,000 ar fáil

Tá an deontas faoi réir uasteorainneacha do na cineálacha oibre a shonraítear thíos (C.31) ag féachaint do mheasúnú costais réasúnta ag an údarás áitiúil. Tá costas CBL na n-oibreacha san áireamh sa deontas.

Ceanglaítear ar dhaoine atá ag déanamh iarratais ar an deontas a chur in iúl ar an bhfoirm iarratais an bhfuil siad ag déanamh iarratais i leith aonaid chónaithe a bheidh ina bpríomháit chónaithe phríobháideach acu agus/nó aona(i)d a chuirfear ar fáil ar cíos.

Is féidir tuilleadh eolais faoin Deontas do Réadmhaoin Fholamh Os Cionn an tSiopa a fháil anseo: www.gov.ie/vacancy

2. **Cad é an Deontas um Shainchomhairle?**

Beidh suas le €5,000 ar fáil freisin d'úinéirí réadmhaoine tráchtála a bhfuil spás folamh os cionn an tsiopa iontu chun Deontas um Shainchomhairle a lorg sula ndéanann siad iarratas ar an Deontas do Réadmhaoin Fholamh Os Cionn an tSiopa. Trí sheirbhísí gairmí cuícháilithe a fhostú, cabhrófar chun úinéirí a chur ar an eolas faoi na hoibreacha riachtanacha, faoin bpleanáil, faoi riachtanais thógála, faoi rialacháin reachtúla etc. atá le comhlíonadh agus tionscadail den sórt sin á ndéanamh. Níl aon oibleagáid ar an úinéir leanúint d'iarratas ar dheontas a dhéanamh tar éis dó/di sainchomhairle a fháil. Is féidir tuilleadh eolais faoin Deontas um Shainchomhairle a fháil anseo: www.gov.ie/vacancy

3. **An féidir liom leas a bhaint as deontais / dreasachtaí eile chun spás folamh i m'fhoirgneamh a athoiriúnú / a athchóiriú?**

**D'fhéadfadh Deontas Scéime um Thithe Fuinnimh níos Fearr ÚFIÉ (Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann)** [3] a bheith ar fáil i gcomhar leis an Deontas do Réadmhaoin Fholamh Os Cionn an tSiopa. Ba cheart

oibreacha atá clúdaithe ag Scéim ÚFIÉ um Tithe le Fuinnimh Níos Fearr a bheith scoite ó na hoibreacha a bhfuil iarratas á dhéanamh orthu faoin Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh. Caithfidh an t-údarás áitiúil a dheimhniú nach bhfuil éileamh á dhéanamh ar oibreacha beartaithe faoi aon deontas eile, rud a chiallaíonn nach féidir éileamh a dhéanamh ar na hoibreacha céanna faoi scéimeanna deontas éagsúla.

Tugann **Tionscnamh na Cathrach Beo** faoiseamh cánach suas le €300,000 do chaiteachas cáilitheach a thabhaítear ar athchóiriú agus ar athoiriúnú réadmhaoine cónaithe agus tráchtála araon atá suite i lárionaid stairiúla Chorcaí, Bhaile Átha Cliath, na Gaillimhe, Chill Chainnigh, Luimnigh agus Phort Láirge agus d'fhéadfadh sé a bheith ar fáil i gcomhar leis an Deontas do Réadmhaoin Fholamh Os Cionn an tSiopa.

Is féidir le suíomh Gréasáin an údaráis áitiúil ábhartha tuilleadh eolais agus léarscáileanna a sholáthar a shainaithníonn na limistéir athghiniúna speisialta ina limistéir riaracháin.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ag na naisc thíos: https://www.gov.ie/en/department-of-housing-local-government-and-heritage/publications/the-living-city-initiative/

https://www.revenue.ie/en/tax-professionals/tdm/income-tax-capital-gains-tax-corporation-tax/part-10/10-13-01.pdf

Beidh méid an deontais íoctha á asbhaint ó na costais incháilithe fhoriomlána atá infheidhme d'fhaoiseamh cánach faoi TCB i gcás na n-iarratasóirí sin a bhfuil tairbhe á baint acu as an deontas agus as TCB.

### 4. Cé a bhainistíonn an Deontas do Réadmhaoin Fholamh Os Cionn an tSiopa?

Déanann údaráis áitiúla bainistíocht agus riaradh ar an Deontas do Réadmhaoin Fholamh Os Cionn an tSiopa thar ceann na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Faigheann, próiseálann agus déanann gach údarás áitiúil cinneadh ar iarratais ar an Deontas do Réadmhaoin Fholamh Os Cionn an tSiopa.

### 5. Cad iad na réadmhaoine atá incháilithe don deontas do Réadmhaoin Fholamh Os Cionn an tSiopa?

Ní mór foirgnimh a mheastar a bheith san áireamh a bheith tógtha roimh 2008. Ní mór eilimint tráchtála a bheith san fhoirgneamh a chaithfidh a bheith fágtha (is féidir leis an eilimint tráchtála a bheith folamh nó áitithe tráth an iarratais ar an deontas) agus spás folamh lasmuigh den eilimint tráchtála san fhoirgneamh céanna. Ní mór don spás seo a bheith folamh ar feadh dhá bhliain nó níos mó tráth an iarratais agus a bheith in ann é a athoiriúnú / athchóiriú le haghaidh úsáide cónaithe. Beidh fianaise a léiríonn seo ag teastáil mar chuid den iarratas ar dheontas. Ní gá go mbeadh an chuid tráchtála den réadmhaoin folamh ar feadh dhá bhliain.

**6. An féidir liomsa, mar úinéir nó mar úinéir nua, iarratas a dhéanamh ar an Deontas do Réadmhaoin Fholamh Os Cionn an tSiopa má tá sé ar intinn agam foirgneamh tráchtála/úsáide poiblí folamh iomlán a athoiriúnú ina aonad cónaithe amháin nó níos mó aonad?**

Ní féidir. Níl an deontas do Réadmhaoin Fholamh Os Cionn an tSiopa ar fáil ach amháin d'fhoirgnimh ina bhfuil gné tráchtála fós laistigh den fhoirgneamh agus ina bhfuil aonaid chónaithe á gcruthú nó á n-athchóiriú laistigh den fhoirgneamh céanna. I gcás ina bhfuil foirgneamh tráchtála/úsáide poiblí ina iomláine á athoiriúnú ina aonad cónaithe aonair, tá an Deontas Athchóirithe Réadmhaoine Folmha atá ann cheana féin ar fáil. I gcás ina bhfuil foirgneamh tráchtála/úsáide poiblí ina iomláine á athoiriúnú ina il-aonaid chónaithe (dhá cheann nó níos mó), tá an Deontas Athchóirithe Réadmhaoine Folmha - Athoiriúnú iar-fhoirgnimh Tráchtála/Úsáide Poiblí ar fáil. Soláthraíonn sé seo airgead breise nuair a bhíonn níos mó ná aonad cónaithe amháin á chruthú san fhoirgneamh. Tá tuilleadh eolais faoin deontas seo ar fáil anseo: www.gov.ie/vacancy.ie.

**7. An bhfuil an deontas do Réadmhaoin Fholamh Os Cionn an tSiopa ar fáil do cheantair thuaithe?**

Níl an Deontas um Réadmhaoin Fholamh Os Cionn an tSiopa ar fáil ach amháin do réadmhaoine atá suite i gcathracha, i mbailte agus i sráidbhailte.

**8. An bhfuil an Deontas do Réadmhaoin Fholamh Os Cionn an tSiopa ar fáil d'fhoirgnimh aon stóir a bhfuil eilimint tráchtála iontu?**

Tá, cé go dtugtar an Deontas do Réadmhaoin Fholamh Os Cionn an tSiopa ar an deontas, tá an deontas ar fáil d'fhoirgnimh aon stóir a bhfuil eilimint tráchtála ann cheana féin atá fágtha agus inar féidir spás folamh breise lasmuigh den eilimint tráchtála, laistigh den fhoirgneamh, a athoiriúnú le haghaidh úsáide cónaithe. Níl ach deontas amháin ar fáil in aghaidh an fhoirgnimh.

**9. Cad iad na céimeanna atá i gceist le hiarratas a dhéanamh ar an Deontas do Réadmhaoin Fholamh Os Cionn an tSiopa?**

Déantar feidhmiú an Deontais um Athchóiriú ar Réadmhaoin Fholamh a tharmligean chuig údaráis áitiúla a riarann an scéim.

**Céimeanna chun an t-iarratas deontais a mheas agus a cheadú:**

Déanfaidh an t-údarás áitiúil a ndéantar an t-iarratas chuige an méid seo a leanas:

- seiceáil an fhoirm iarratais lena chinntiú go bhfuil sí comhlánaithe go hiomlán, go bhfuil an dearbhú ar an

bhfoirm iarratais sínithe agus go bhfuil na doiciméid tacaíochta riachtanacha curtha isteach. Tá seicliosta de na doiciméid is gá a chur isteach ar fáil ar an bhfoirm iarratais;

- measúnú ar an iarratas de réir choinníollacha na scéime;
- sa chás go bhfuil an t-iarratas in ord agus gur cuireadh doiciméid tacaíochta riachtanacha ar fáil, socrú go mbeidh foireann theicniúil oiriúnach in ann cuairt a thabhairt ar an réadmhaoin chun na hoibreacha a ndearnadh iarratas orthu a sheiceáil agus chun measúnú a dhéanamh ar na costais réamh-mheasta mar atá leagtha amach san fhoirm iarratais;
- scríobh chuig an iarratasóir/na hiarratasóirí chun a chur in iúl dóibh an raibh an t-iarratas rathúil agus méid an mhaoinithe deontais a ceadaíodh (féadfar ceadú i bprionsabal a thabhairt i gcás nach leis an iarratasóir/na hiarratasóirí an foirgneamh tráth an iarratais agus/nó nach bhfuil cead pleanála/díolúine pleanála curtha ar fáil don údarás áitiúil fós. – féach C. 7 thíos).

**Sula n-íocfar an deontas:**

- I gcásanna inar deonaíodh ceadú i bprionsabal, ní mór cruthúnas úinéireachta agus/nó cruthúnas cead pleanála/díolúine pleanála (más infheidhme) a sholáthar **sula** bhféadfar an deontas a íoc.
- I gcás inarb iomchuí, beidh cóip bhailíochtaithe den Deimhniú Comhlíontachta ar Chríochnú ag teastáil a chur chuig an údarás áitiúil sula bhféadfar an deontas a íoc.
- Beidh ar an iarratasóir fianaise a chur isteach ón údarás áitiúil, amhail sonra(i)sc / admhálacha atá mionsonraithe go cuí i leith na n-oibreacha críochnaithe;
- Tabharfaidh an t-údarás áitiúil cuairt deiridh ar an réadmhaoin chun athbhreithniú a dhéanamh agus chun a chinntiú go bhfuil an obair curtha i gcrích de réir an iarratais deontais;
- Maidir le haonaid chónaithe atá á gcur ar fáil le ligean ar cíos, tá fianaise ag teastáil go bhfuil an tionóntacht/tionóntachtaí cláraithe ag an iarratasóir/na hiarratasóirí leis an mBord Tionóntachtaí Cónaithe (BTC).
- Soláthróidh an t-údarás áitiúil comhaontú atá le síniú ag iarratasóir/iarratasóirí ina bhfuil an comhaontú aisghabhála lena n-áirítear muirear ar an réadmhaoin.
- éileoidh an t-údarás áitiúil sonraí cuntais bainc an iarratasóra/na n-iarratasóirí maidir leis an áit a bhfuil an deontas le híoc agus freisin imréiteach cánach an iarratasóra/na n-iarratasóirí ó na Coimisinéirí Ioncaim maidir le haon íocaíocht deontais atá á híoc os cionn € 10,000;

- Ní mór imréiteach cánach a sholáthar don údarás áitiúil do gach conraitheoir a rinne oibríochtaí tógála ar fiú os cionn €650 iad. Tá an fhreagracht ar an iarratasóir a chinntiú go bhfaigheann siad a ndeimhniú imréitigh cánach conraitheora sula ndéanann siad aon íocaíocht leo. Mura soláthraítear fianaise ar imréiteach cánach an chonraitheora, d'fhéadfadh sé nach n-íocfar deontas. Féach Ceist Uimh. XX thíos le haghaidh tuilleadh eolais maidir leis an ábhar seo.
- Nuair a bheidh an t-údarás áitiúil sásta, íocfar an deontas.

**10. Cad a nglactar leis mar chruthúnas ar fholúntas don Deontas do Réadmhaoin Fholamh Os Cionn an tSiopa?**

Ní mór na hurláir nó an spás os cionn nó laistigh den fhoirgneamh lasmuigh den ghné tráchtála den fhoirgneamh a bheith folamh ar feadh dhá bhliain nó níos mó **tráth an iarratais ar an deontas**. Teastaíonn cruthúnas ar fholúntas chun tacú le hiarratais ar dheontas.

I measc samplaí de chruthúnas folúntais tá billí fóntais, rud a chabhróidh le tréimhsí folúntais a chinneadh (e.g. úsáid leictreachais íseal nó nialasach leanúnach agus comhsheasmhach nó dícheangal ar feadh tréimhse dhá bhliain) nó cruthúnais eile den sórt sin atá ar fáil. I gcásanna ina bhfuil aonaid chónaithe cheana féin os cionn an tsiopa, is féidir cruthúnas a sholáthar ar úsáid íseal leictreachais /dícheangal ó chuideachta fóntais/íocaíocht rátaí tráchtála/faoiseamh rátaí/creidmheas má tá an foirgneamh folamh. Mura n-úsáideadh an spás os cionn an tsiopa riamh mar áit chónaithe, beidh ar an úinéir/iarratasóir fianaise fhótagrafach nó fianaise chuí eile a sholáthar amhail mionnscríbhinn faoi mhionn chun sástacht an údaráis áitiúil ar fholúntas (d'fhéadfadh sé gur úsáideadh an spás chun críocha stórála). **Ní mór don údarás áitiúil deimhniú folúntais a bhailíochtú agus a fhíorú roimh cheadú deontais.**

**tabhair faoi deara nach féidir le hiarratasóir í réadmhaoin a fhágáil folamh go míréasúnta agus d'aon ghnó ionas go mbeidh siad incháilithe don deontas.**

**11. An gá dom an réadmhaoin a bheith agam chun leas a bhaint as an deontas seo agus cad iad na cruthúnais úinéireachta inghlactha?**

Beidh cruthúnas úinéireachta ag teastáil chun tacú leis an iarratas ar dheontas.

I gcás nach leis an iarratasóir/na hiarratasóirí an réadmhaoin fós, féadfaidh údarás áitiúil ceadú a thabhairt i bprionsabal don iarratas ar dheontas i gcás ina bhfuil an t-iarratasóir/na hiarratasóirí in ann fianaise a

sholáthar ar idirbheartaíocht ghníomhach chun réadmhaoin a cheannach i.e. deimhniú rannpháirtíochta ó ghníomhaire eastáit nó úinéir na réadmhaoine agus sa chás go soláthraíonn an t-úinéir cibé fianaise maidir le folúntas a éilítear faoin scéim thar ceann an iarratasóra.

**Ní dheimhneofar an ceadú sin i bprionsabal mar cheadú iomlán go dtí go mbeidh an úinéireacht aistrithe chuig an iarratasóir/na hiarratasóirí. Ní féidir aon íostarraingt deontais a dhéanamh go dtí go bhfuil a leithéid d'úinéireacht deimhnithe chun sástachta an údaráis áitiúil.**

Tá fianaise ar úinéireacht don íocaíocht deontais, a fhéadfaidh an t-údarás áitiúil ábhartha a chur san áireamh, le fáil sa tábla thíos.

| **eanglais úinéireachta maidir le íocaíocht deontais** | **amplaí de chruthúnas is féidir a chur ar áil** |
|---|---|
| í mór don úinéir a bheith ina dhuine onair ar leis an teaghais (i gcomhpháirt ó gan i gcomhpháirt) agus ní mór don darás áitiúil é féin a shásamh maidir leis n úinéireacht sula gceadaítear an eontas. | níomhas teidil[1] nó ionstraim dlí homhchosúil lena gcruthaítear inéireacht na réadmhaoine;<br>ianaise gur íocadh Cáin Mhaoine Áitiúil CMÁ);<br>ianaise gur íocadh rátaí tráchtála:;<br>ianaise ar aoiseamh/chreidmheas/choigeartú rátaí e bhrí go bhfuil foirgneamh folamh;<br>áiteas morgáiste dar dáta laistigh de 12 hhí anuas. |

**12. Cad is gá dom a chur isteach má tá cead pleanála ag teastáil chun na hoibreacha athoiriúnaithe/athchóirithe ar an réadmhaoin a chur i gcrích?**

I gcás inar iomchuí, ní mór don iarratasóir/do na hiarratasóirí fianaise ar chead pleanála don fhorbairt / do na

[1] Is féidir gníomhas teidil a fháil ón Land Direct, Tailte Éireann (www.landdirect.ie)

hoibreacha beartaithe nó dearbhú díolúine faoi na hAchtanna Pleanála a chur ar fáil.

D'fhéadfadh forbairt a bhfuil cead pleanála ag teastáil ina leith a bheith i gceist le hathchóiriú/hathoiriúnú spás folamh le haghaidh áitíochta. I gcás inarb iomchuí, beidh ar iarratasóir(í) faoin scéim fianaise a chur ar fáil go bhfuil cead pleanála faighte sula gceadaítear an deontas deiridh. I gcásanna ina dtagann ceist chun cinn maidir le cé acu an dteastaíonn cead pleanála ó fhorbairt bheartaithe nó an forbairt dhíolmhaithe í, ceanglófar ar iarratasóir(í) faoin scéim dearbhú díolúine a chur isteach faoi Alt 5, den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000. D'fhéadfadh an cheist seo teacht chun cinn go háirithe, i gcás athrú úsáide, réadmhaoine a bhí folamh ar feadh tréimhse fhada ama, fo-roinnt réadmhaoine agus réadmhaoin a bhfuil drochbhail amach agus amach uirthi agus a dteastaíonn oibreacha móra uathu araon.

Féadfaidh údarás áitiúil cead i bprionsabal a thabhairt d'iarratas deontais sa chás go gceanglaítear ar an iarratasóir/ar na hiarratasóirí cead pleanála a fháil don fhorbairt / do na hoibreacha lena mbaineann. Sna himthosca sin soláthróidh an t-iarratasóir/na hiarratasóirí sonraí maidir leis an iarratas pleanála reatha atá le cur ar fáil i dteannta leis an iarratas deontais. Ní dheimhneofar aon chead deontais i bprionsabal mar chead iomlán go dtí go mbeidh cinneadh deiridh eisithe ag an údarás pleanála maidir leis an iarratas pleanála.

Má dhéanann tú oibreacha ar d'fhoirgneamh nach bhfuil san áireamh san iarratas ar dheontas tar éis duit cead deontais a fháil, beidh ar an údarás áitiúil a dheimhniú go bhfuil/nach bhfuil cead pleanála ag teastáil. D'fhéadfadh sé go mbeadh ar an iarratasóir iarratas a dhéanamh ar dhearbhú Alt 5 nó ar chead pleanála de réir mar is iomchuí. Mar thoradh air seo, beidh moill ar íocaíocht an deontais. Moltar duit teagmháil a dhéanamh le d'údarás áitiúil má dhéantar aon oibreacha/leaganacha go talamh/síntí/fo-roinnt bhreise etc. ar an bhfoirgneamh nach bhfuil san áireamh san iarratas ar dheontas tar éis cead deontais a fháil.

**13. Cad iad na rialacháin eile a chaithfidh mé a chomhlíonadh?**

Éilíonn na Rialacháin Rialaithe Foirgníochta 1997 go 2024 ar úinéirí, tógálaithe, agus gairmithe tógála cláraithe a léiriú tríd an gClár Reachtúil um Ghníomhaíocht Rialaithe Foirgníochta gur dearadh agus gur tógadh na hoibreacha nó an foirgneamh lena mbaineann i gcomhréir leis na Rialacháin Foirgníochta.

Tá an fhreagracht as comhlíonadh na rialachán rialaithe foirgníochta ar gach úinéir, tógálaí. Tá tuilleadh faisnéise le fáil anseo: https://www.gov.ie/en/department-of-housing-local-government-and-heritage/publications/building-control/

I gcás inarb iomchuí agus sula n-eiseofar íocaíocht deontais, iarrfaidh an t-údarás áitiúil fianaise trí Dheimhniú Comhlíontachta ar Chríochnú bailíochtaithe maidir leis na hoibreacha a rinneadh.

**14. Cad is Deimhniú Comhlíontachta ar Chríochnú ann?**

Deimhníonn Deimhniú Comhlíontachta ar Chríochnú atá bailíochtaithe agus cláraithe ag an Údarás Rialaithe Foirgníochta gur féidir an foirgneamh/na haonaid chónaithe a úsáid nó cónaí iontu.

**15. Cé mhéad iarratas ar an Deontas do Réadmhaoin Fholamh Os Cionn an tSiopa is féidir le duine aonair a dhéanamh?**

Níl aon teorainn ar líon na n-iarratas deontais is féidir le duine aonair a dhéanamh don Deontas do Réadmhaoin Fholamh Os Cionn an tSiopa. Má tá roinnt foirgneamh ag duine a bhfuil eilimint tráchtála iontu agus más mian leis/léi iarratas a dhéanamh ar an Deontas do Réadmhaoin Fholamh Os Cionn an tSiopa do gach ceann dá bhfoirgnimh aonair, is féidir leo sin a dhéanamh, i gcás ina gcomhlíonann siad coinníollacha na scéime.

**16. Cá mhéad iarratas ar Dheontas do Réadmhaoin Fholamh Os Cionn an tSiopa is féidir a dhéanamh in aghaidh an fhoirgnimh?**

Deontas amháin iníoctha in aghaidh an fhoirgnimh. Ní féidir iarratais aonair ar dheontas a dhéanamh le haghaidh urláir ná achar urláir aonair den fhoirgneamh céanna, ní féidir ach iarratas amháin ar dheontas a dhéanamh in aghaidh an fhoirgnimh.

**17. An féidir liom m’fhoirgneamh a roinnt ina chodanna éagsúla chun níos mó ná Deontas do Réadmhaoin Fholamh Os Cionn an tSiopa amháin a fháil?**

Ní féidir. Ní bheidh ach Deontas do Réadmhaoin Fholamh Os Cionn an tSiopa amháin (lena n-áirítear aon mhéideanna breise) ar fáil don fhoirgneamh. Ní cheadaítear foirgnimh a roinnt chun níos mó ná deontas amháin a fháil in aghaidh an fhoirgnimh.

**18. An féidir liom méid an eilimint tráchtála de m’fhoirgneamh a laghdú chun an Deontas do Réadmhaoin Fholamh Os Cionn an tSiopa a fháil?**

Caithfidh eilimint tráchtála a bheith san fhoirgneamh chun a bheith incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar an deontas. Níl méid an eilimint tráchtála laistigh den fhoirgneamh sonraithe.

**19. An féidir le duine a bhain leas as an Deontas Athchóirithe do Mhaoin Fholamh roimhe seo iarratas**

**a dhéanamh anois ar an Deontas do Réadmhaoin Fholamh Os Cionn an tSiopa?**

Is féidir le duine aonair a bhain leas as an Deontas Athchóirithe do Mhaoin Fholamh nó a ceadaíodh dó iarratas a dhéanamh ar an Deontas do Réadmhaoin Fholamh Os Cionn an tSiopa le haghaidh foirgneamh eile atá faoina úinéireacht ina bhfuil eilimint tráchtála atá fágtha agus inar féidir urláir/spás folamh san fhoirgneamh a athchóiriú nó a thiontú le haghaidh úsáide cónaithe.

**20. Tá deontas ceadaithe dom cheana féin chun urláir fholmha i m'fhoirgneamh tráchtála a athchóiriú, an féidir liom an Deontas do Réadmhaoin Fholamh Os Cionn an tSiopa a fháil anois?**

Ní féidir. Tiocfaidh an Deontas do Réadmhaoin Fholamh Os Cionn an tSiopa i bhfeidhm ón 31 Márta 2026.

**21. An gcaithfidh mé a bheith i mo chónaí i gceann de na haonaid chónaithe a cruthaíodh san fhoirgneamh mar mo phríomháit chónaithe phríobháideach?**

Ní ceanglas é de chuid an Deontais do Réadmhaoin Fholamh Os Cionn an tSiopa go bhfuil ort a bheith i do chónaí i gceann de na haonaid chónaithe a cruthaíodh, mar do phríomháit chónaithe phríobháideach. Is féidir na haonaid chónaithe a chruthaítear a chur ar cíos nó is féidir ceann amháin a úsáid mar do phríomháit chónaithe phríobháideach. Caithfidh iarratasóirí a lua ar an bhfoirm iarratais an úsáid atá beartaithe do na haonaid chónaithe atá á gcruthú. Ceanglaítear ar iarratasóirí eolas a roinnt leis an údarás áitiúil maidir le haon athrú ar thionacht aonad ar ceadaíodh oibreacha lena n-aghaidh.

Tá coinníoll aisghabhála ceangailte leis an íocaíocht deontais i gcomhair tréimhse 10 mbliana ó dháta íocaíochta an deontais.

**22. An féidir liom an t-aonad/na haonaid chónaithe a chur ar fáil le ligean ar cíos?**

Is féidir. I gcás ina bhfuil an t-iarratasóir/na hiarratasóirí chun an t-aonad/na haonaid chónaithe a ligean ar cíos, ní mór an dearbhú (ar an bhfoirm iarratais) a sholáthar don údarás áitiúil go gcuirfear an mhaoin ar fáil le ligean ar cíos nuair a bheidh na hoibreacha cáilitheacha ar an áit chónaithe críochnaithe, agus go gclárófar tionóntacht/tionóntachtaí leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe (BTC). Ní mór fianaise ar chlárú na tionóntachta/tionóntachtaí leis an BTC, a bhfuil an t-údarás áitiúil sásta leis, a sholáthar sula n-íocfar an deontas. Beidh feidhm ag coinníollacha aisghabhála mura mbeidh an t-aonad/na haonaid chónaithe ar fáil le ligean ar cíos a thuilleadh laistigh de dheich mbliana. Lorgóidh an t-údarás áitiúil fianaise chun iad féin a

shásamh le linn na tréimhse aisghabhála go bhfuil an/na háit chónaithe á gcur ar fáil le ligean ar cíos agus an tionóntacht/na tionóntachtaí cláraithe leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe. Ní mór d’fhaighteoirí deontais an rud céanna a chur ar fáil don údarás áitiúil ar iarratas.

**23. Tá sé i gceist agam iarratas a dhéanamh ar an Deontas ar Réadmhaoin Fholamh Os Cionn an tSiopa chun an t-aonad/na haonaid a cruthaíodh a chur ar fáil le ligean ar cíos – cad iad na caighdeáin a chaithfidh na haonaid chónaithe a chomhlíonadh?**

Maidir le réadmhaoin ar cíos, ceanglaítear ar gach tiarna talún de réir an dlí cloí leis na caighdeáin maidir le tithíocht ar cíos agus a chinntiú go bhfuil a gcuid aonad cónaithe ag cloí go hiomlán le rialacháin um shábháilteacht ó dhóiteán agus íoschaighdeáin maidir le réadmhaoin ar cíos. Féachwww.irishstatutebook.ie/eli/2019/si/137/made/en/print .Mar chuid den dearbhú atá le síniú san fhoirm iarratais, ní mór do gach iarratasóir aontú go gcloítear leis na caighdeáin sin agus go gcomhlíontar iad.

I gcás ina gcuirtear aonad cónaithe a cruthaíodh ar fáil le ligean ar cíos, ní íocfar an deontas gan fhianaise ar chlárú tionóntachta leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe.

**24. An féidir an t-aonad/na haonaid cíosa a cruthaíodh i m’fhoirgneamh a úsáid le haghaidh Airbnb nó cíosa gearrthéarmacha/saoire?**

Ní féidir aonad cónaithe/aonaid chónaithe a cruthaíodh a úsáid le haghaidh Airbnb ná cíosa gearrthéarmacha/saoire.

Ní mór tionóntacht a chlárú leis an mBord Tionóntachtaí Cónaithe mar choinníoll den deontas d’aonaid cíosa. Roimh íoc an deontais, lorgóidh an t-údarás áitiúil fianaise go bhfuil tionóntacht cláraithe leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe (BTC). Déanfaidh an t-údarás áitiúil a íocann an deontas seiceálacha lena chinntiú go leanfar den réadmhaoin a úsáid chun na críche seo thar an tréimhse aisghabhála 10 mbliana. I gcás nach gcomhlíontar coinníollacha an deontais, beidh an deontas le híoc ar ais de réir fhorálacha an aisghabhála.

**25. Más rud é go bhfuil níos mó ná úinéir amháin ar fhoirgneamh, an féidir le gach úinéir iarratas a dhéanamh ar an Deontas ar Réadmhaoin Fholamh Os Cionn an tSiopa?**

Níl. Níl ach deontas amháin ar fáil in aghaidh an fhoirgnimh. Ní mór do gach úinéir ar an bhfoirgneamh iarratas a dhéanamh le chéile ar fhoirm iarratais aonair.

**26. Cad a tharlaíonn má chinnim gan an ghné tráchtála a choinneáil i m'fhoirgneamh tar éis ceadú/íocaíocht deontais?**

Ní bhíonn an Deontas ar Réadmhaoin Fholamh Os Cionn an tSiopa ar fáil ach amháin nuair a fhanann an ghné tráchtála san fhoirgneamh ar feadh tréimhse 10 mbliana ón dáta a íoctar an deontas. Ní mór duit an t-údarás áitiúil a chur ar an eolas mura bhfanann an ghné tráchtála san fhoirgneamh. I gcás ina bhfuil an deontas íoctha cheana féin, beidh suas le €25,000 le híoc ar ais.

Ríomhfar an chuid den deontas atá le haisíoc bunaithe ar líon na mblianta ó íocadh an deontas agus líon na mblianta atá fágtha thar an tréimhse 10 mbliana den aisghabháil. Mar shampla, má bhaintear an ghné tráchtála den fhoirgneamh 3 bliana tar éis íocaíocht an deontais, beidh ar fhaighteoir an deontais 70% de €25,000 a aisíoc (an difríocht idir an méid deontais níos airde a íocadh don Deontas Maoine Folamh Os Cionn an tSiopa agus an deontas uasta atá ar fáil faoin Deontas Maoine Folamh).

Beidh ar an údarás áitiúil gníomhas scaoilte páirteach a dheonú ar aisíocaíocht na suime aisghabhála.

**27. An bhfuil an deontas ar fáil d'fhorbróirí/cuideachtaí/eintitis ar mian leo spás folamh i bhfoirgnimh a athchóiriú le ligean ar cíos?**

Tá an deontas ar fáil do dhaoine aonair (lena n-áirítear trádálaithe aonair) nó do theaghlaigh a mbeidh an réadmhaoin mar phríomháit chónaithe phríobháideach dóibh nó d'iarratasóir(í) a chuirfidh an t-aonad/na haonaid ar fáil le ligean ar cíos ar an margadh príobháideach. Níl sé ar fáil do chuideachtaí cláraithe, d'fhorbróirí, do ghnóthais etc. Ní féidir ach le duine/daoine ainmnithe, gur leo an foirgneamh a bhfuil an deontas á lorg ina leith, nó atá gníomhach i gceannach an fhoirgnimh, iarratais a dhéanamh.

**28. Céard is príomháit chónaithe phríobháideach ann?**

Is éard is príomháit chónaithe phríobháideach (PCP) ann ná réadmhaoin atá faoi úinéireacht agat agus a bhfuil tú i do chónaí ann i gcónaí nó a mbíonn tú i do chónaí ann an chuid is mó den am.

**29. Níl bhím i mo chónaí de ghnáth i bPoblacht na hÉireann ach tá sé beartaithe agam foirgneamh tráchtála a cheannach le spás folamh os cionn an tsiopa agus cónaí anseo go buan, an féidir liom iarratas a dhéanamh ar an deontas?**

Is féidir. Má tá tú gníomhach i mbun foirgnimh tráchtála a cheannach, a tógadh roimh 2008, le spás os cionn an tsiopa atá folamh ar feadh 2 bhliain, féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar an deontas. Ní mór duit cruthúnas a sholáthar go bhfuil tú gníomhach i mbun an fhoirgnimh sin a cheannach agus cruthúnas go bhfuil an spás os cionn an tsiopa folamh ar feadh 2 bhliain nó níos mó. Má tá an t-aonad cónaithe a chruthaítear san fhoirgneamh le bheith i do PCP, beidh ort é sin a dhearbhú ar an bhfoirm iarratais. Beidh cruthúnas úinéireachta an fhoirgnimh ag teastáil sula ndéanfar an íocaíocht deontais.

Tá coinníoll aisghabhála ceangailte leis an íocaíocht deontais i gcomhair tréimhse 10 mbliana ó dháta íocaíochta an deontais.

Beidh coinníollacha aisghabhála i bhfeidhm sa chás go scoireann an t-iarratasóir/na hiarratasóirí de bheith ina chónaí/gcónaí san áit chónaithe mar phríomháit chónaithe phríobháideach. Féadfaidh an t-údarás áitiúil, le linn na tréimhse 10 mbliana den aisghabháil, fianaise a lorg go bhfuil an áit chónaithe fós á húsáid mar phríomháit chónaithe phríobháideach.

### 30. Cad iad na cineálacha oibre a chumhdaítear faoin deontas?

Tugann imlíne na scéime Folamh Os Cionn an tSiopa (leathanach 10) agus an fhoirm iarratais (leathanach 7) sonraí maidir leis na catagóirí oibreacha atá incháilithe le haghaidh cúnaimh deontais, faoi réir measúnú réasúnta costais ag an údarás áitiúil agus na teorainneacha le haghaidh oibreacha sonracha mar atá leagtha amach. Ní mór na hoibreacha a cheadú roimh ré, tar éis don údarás áitiúil iniúchadh a dhéanamh ar an réadmhaoin.

### 31. Cad a tharlaíonn má sháraíonn costas na n-oibreacha méid an deontais?

Tá deontas ceadaithe suas le huasmhéid €135,000 (ag brath ar líon na n-aonad cónaithe atá á gcruthú) ar fáil. Is faoin iarratasóir/ faoi na hiarratasóirí atá aon chostas breise atá níos mó ná méid an deontais. Ní mór duit a chur in iúl ar an bhfoirm iarratais cé acu is féidir nó nach féidir leat íoc as aon chostas breise nach bhfuil clúdaithe ag an deontas.

### 32. An féidir liom féin na hoibreacha athchóirithe a dhéanamh?

Is féidir, ach ní mór duit a bheith cáilithe chun na hoibreacha a chur i gcrích, agus ní mór dóibh a bheith i gcomhréir leis na ceanglais reachtúla agus rialála go léir. Chun é sin a dhéanamh, ní mór duit meastachán a sholáthar ar chostais a ndéanann foireann theicniúil an údaráis áitiúil measúnú orthu ansin sula ndéanann tú cinneadh maidir le d’iarratas agus faoi réir iniúchadh deiridh ar an láithreán ag an údarás áitiúil. Ní chlúdófar

costais saothair sa chás go bhfuil tú i mbun na n-oibreacha tú féin, ach costais na n-ábhar.

Tabhair faoi deara - b'fhéidir go mbeidh seirbhísí deimhnitheora sannta ag teastáil uait freisin chun a dheimhniú go gcomhlíonann na hoibreacha atá críochnaithe na rialacháin foirgníochta.

**33. An féidir tús a chur le hoibreacha eile ar an bhfoirgneamh nach bhfuil éileamh á dhéanamh ina leith sa deontas?**

Is féidir, mar nach bhfuil aon bhaint ag na hoibreacha eile atá idir lámha leis an rud a bhfuil iarratas á dhéanamh agat ina leith. Seo rud a sheiceálfaidh an t-údarás áitiúil ar a gcéad chuairt theicniúil go dtí d'fhoirgneamh agus le linn na cuairte deiridh tar éis don obair a bheith críochnaithe. Ní féidir iarratas a dhéanamh faoin deontas ach ar oibreacha nár cuireadh tús leo fós.

**34. Cad a tharlaíonn nuair a cheadaítear m'iarratas ar dheontas?**

Eiseofar litir cheadaithe d'iarratasóirí a n-éiríonn leo agus áireofar inti méid an deontais fhaofa. Tugtar faomhadh ó dháta eisiúna na litreach agus beidh sé bailí ar feadh tréimhse 18 mhí. Ní mór d'iarratasóirí an litir a shíniú agus a sheoladh ar ais chun a dheimhniú go dtuigeann siad na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann leis an deontas. Ní mór an doiciméad muirir dá dtagraítear thíos (R.38) a shíniú agus a sheoladh ar ais chuig an údarás áitiúil, <u>tar éis na hoibreacha a ndearnadh iarratas orthu a chríochnú</u>, agus sula n-eisítear an íocaíocht deontais. Is í an fhoirm iarratais sínithe, an litir fhormheasa sínithe agus an doiciméad táille sínithe, an comhaontú idir an t-iarratasóir/na hiarratasóirí agus an t-údarás áitiúil.

**35. Cathain is féidir liom tosú ar na hoibreacha ceadaithe ar an spás folamh cáilitheach san fhoirgneamh?**

Is féidir tús a chur le hoibreacha ar an spás folamh san fhoirgneamh chomh luath is atá litir cheadaithe/cheadaithe i bprionsabal faighte agat ón údarás áitiúil.

**36. An bhfuil teorainn ama ann ón uair a bheidh an t-iarratas ceadaithe go dtí go mbeidh na hoibreacha beartaithe críochnaithe go hiomlán?**

Tá tréimhse 18 mhí ag iarratasóirí, ó dháta na litreach ceadaithe, chun na hoibreacha ceadaithe a chríochnú ar an spás folamh cáilithe san fhoirgneamh

**37. Cad a tharlaíonn má dhíolaim an foirgneamh nó ceann de na haonaid chónaithe a cruthaíodh laistigh den fhoirgneamh tar éis an deontas a fháil?**

Tá sé riachtanach go mbeidh an t-iarratasóir/na hiarratasóirí ina gcónaí sna haonaid chónaithe cáilitheacha agus/nó go mbeidh siad ar cíos acu ar feadh tréimhse deich mbliana ar a laghad ó dháta íoctha an deontais.

Má dhíolann tú an foirgneamh nó cuid de na haonaid chónaithe/na haonaid chónaithe go léir a cruthaíodh san fhoirgneamh in am ar bith, nó mura bhfuil sé i do phríomháit chónaithe phríobháideach tar éis duit a dhearbhú go n-úsáidfear é chuige sin, nó mura bhfuil na haonaid chónaithe á ligean ar cíos a thuilleadh laistigh de dheich mbliana, ní mór duit cuid de luach iomlán an Deontais a aisíoc leis an údarás áitiúil, mar atá leagtha amach in imlíne na scéime (www.gov.ie/vacancy). Ós rud é go gcuirtear an muirear ar an bhfoirgneamh ina iomláine, beidh ar an údarás áitiúil gníomhas scaoilte páirteach a dheonú ar aisíocaíocht na suime aisghabhála.

Ní mór fianaise ar chlárú bliantúil tionóntachta leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe (BTC) chun sástacht an údaráis áitiúil a chur faoi bhráid an údaráis áitiúil gach bliain ar feadh tréimhse deich mbliana tar éis den deontas a bheith íoctha (má dhéantar an t-iarratas ar dheontas maidir le réadmhaoin ar cíos).

**Ní mór comhaontú (ina gcuimsítear an fhoirm iarratais sínithe, an litir fhormheasa sínithe agus an doiciméad táille sínithe) a thabhairt chun críche idir an t-údarás áitiúil agus an t-iarratasóir/na hiarratasóirí ina bhfuil an comhaontú aisghabhála, lena n-áirítear táille ar an réadmhaoin, a bheidh ina cheangal ar an iarratasóir/ar na hiarratasóirí nuair a tharlaíonn íostarraingt.**

### 38. Cad a tharlaíonn má thagann aonad cíosa chun bheith folamh le linn na tréimhse aisghabhála 10 mbliana mar gheall ar fhoirceannadh tionóntachta?

I gcásanna ina dtagann aonad cónaithe chun bheith folamh mar gheall ar fhoirceannadh tionóntachta ag ceachtar páirtí, ní bheidh feidhm ag na coinníollacha aisghabhála ar choinníoll go bhfaighidh úinéir an fhoirgnimh tionónta(í) nua agus go gcláróidh sé/sí tionóntacht/tionóntachtaí nua leis an BTC go tráthúil. Féadfaidh an t-údarás áitiúil fianaise a lorg ar iarrachtaí chun tionónta(í) nua a aimsiú.

### 39. Cad is muirear dlíthiúil ann, agus conas a oibríonn sé?

Ní bhaineann aon aistriú úinéireachta le muirear ach tugann sé cearta ar an bhfoirgneamh mar urrús. Is coinníoll den Deontas ar Réadmhaoin Fholamh Os Cionn na Siopa go gcónaíonn an t-iarratasóir/na hiarratasóirí san aonad cónaithe nó go ligeann siad an t-aonad/na haonaid a cruthaíodh ar cíos ar feadh tréimhse 10 mbliana ar a laghad tar éis íocaíocht an deontais. Chun leas an údaráis áitiúil a chinntiú, agus chun sláine na scéime a chinntiú, cuirfear muirear i gcoinne na foirgnimh mar urrús. Sa chás go bhfuil morgáiste ag an iarratasóir/na hiarratasóirí, is ionainn é i gcónaí agus an chéad mhuirear nó ar an muirear

tosaíochta ar an bhfoirgneamh. Ba chóir d'iarratasóirí plé a dhéanamh ar an muirear a chur ar an bhfoirgneamh lena n-iasachtóir ag tús an iarratais ar dheontas lena chinntiú go bhfuil siad sásta an dara muirear a chur ar an bhfoirgneamh. Is é freagracht an iarratasóra a chinntiú go bhfuil cead an iasachtóra acu chun an muirear a chur.

Sula n-íocfar an deontas leis an iarratasóir/na hiarratasóirí, nuair a bheidh na hoibreacha comhlánaithe agus seiceáilte ag an údarás áitiúil, síneoidh an t-iarratasóir/na hiarratasóirí doiciméad muirir. Cuirfidh an t-údarás áitiúil an muirear ar fhoirgneamh an iarratasóra ansin. Beidh an táille cothrom le méid an deontais a íocadh. Beidh an táille i bhfeidhm ar feadh 10 mbliana.

**40. An gá dom seirbhísí gairmí a fhostú chun an doiciméad muirir a shíniú?**

B'fhéidir gur mhaith le hiarratasóirí comhairle neamhspleách a fháil ó ghairmí inniúil maidir le himpleachtaí an mhuirir ar a bhfoirgneamh.

Ós rud é go bhfuil an doiciméad muirir ceangailteach ó thaobh an dlí de, ní mór don iarratasóir/do na hiarratasóirí é a shíniú agus duine údaraithe neamhspleách a bheith ina fhinné air.

**41. Conas a chlárófar an muirear?**

Cláróidh an t-údarás áitiúil an muirear in Landdirect, Tailte Éireann nó i gClárlann na nGníomhas[2] (CGanna) de réir mar is cuí, tar éis don iarratasóir/do na hiarratasóirí é a shíniú, sula dtarraingeofar anuas an deontas. Dá mba rud é go dtéann an t-iarratasóir/ na hiarratasóirí i muinín morgáiste chun an foirgneamh a cheannach, tabharfar tús áite do mhuirear an bhainc. Má dhíoltar an foirgneamh, gheobhaidh an banc, mar an chéad sealbhóir muirir, fáltais an díola ar an gcéad dul síos.

Gheobhaidh an t-údarás áitiúil, mar shealbhóir muirir ina dhiaidh sin, aon airgead a bheidh dlite ó na fáltais a bheidh fágtha.

**42. Fuair mé foirgneamh le hoidhreacht agus níl morgáiste agam. An dtabharfar tús áite do mhuirear an údaráis áitiúil?**

Mura bhfuil morgáiste nó muirear eile i gcoinne an fhoirgnimh, tabharfar tús áite do mhuirear an údaráis áitiúil.

**43. An dteastaíonn mo thoiliú ón údarás áitiúil chun a mhuirear a chlárú?**

Teastaíonn, éilíonn an t-údarás áitiúil toiliú an iarratasóra/na n-iarratasóirí chun muirear a chur i gcoinne an fhoirgnimh. Ní mór doiciméad muirir a thabhairt chun críche idir an t-údarás áitiúil agus an t-iarratasóir/na hiarratasóirí sula dtarraingítear anuas na cistí. Tá sé seo luaite san fhoirm iarratais atá sínithe ag an iarratasóir/na hiarratasóirí.

**44. An gá dom toiliú m'iasachtóir a fháil chun muirear a chlárú ar m'fhoirgneamh?**

[2] Tugtar "gníomhas" ar an muirear sa chomhthéacs seo. Ní mór a thabhairt faoi deara go bhfuil difríocht idir an próiseas chun morgáiste a chlárú ar thalamh maidir le talamh cláraithe agus neamhchláraithe.

Beidh toiliú ó d’iasachtóir ag teastáil má tá morgáiste/iasacht tráchtála le hinstitiúid airgeadais agat ar an bhfoirgneamh . Moltar duit teagmháil a dhéanamh le d’iasachtóir go luath sa phróiseas lena chinntiú go bhfuil siad sásta muirear a chur ar an bhfoirgneamh. Beidh an táille don deontas i gcónaí sa dara háit i dtosaíocht i gcomparáid leis an morgáiste/iasacht tráchtála ar an bhfoirgneamh.

**45. Cén chéim den phróiseas ag thaisceann an t-údarás áitiúil an muirear in Land Direct, Tailte Éireann nó i gClárlann na nGníomhas?**

Má tá teideal iomlán ag an iarratasóir/na hiarratasóirí ar an bhfoirgneamh, cuirfear an doiciméad muirir faoi bhráid Land Direct, Tailte Éireann nó Clárlann na nGníomhas ag an am céanna le heisiúint an deontais. Ní mór don iarratasóir/do na hiarratsóirí agus don údarás áitiúil an Doiciméad Muirir a shíniú i láthair finné. Ní íocfar an deontas go dtí go gclárófar an muirear.

**46. Cé a thaisceann na doiciméid muirir in Land Direct, Tailte Éireann nó i gClárlann na nGníomhas?**

Taiscfidh an t-údarás áitiúil na doiciméid riachtanacha leis an gcomhlacht ábhartha.

**47. Cad iad na táillí chun muirear a chlárú?**

Is é €175 an táille chun muirear a chlárú in Land Direct, Tailte Éireann.

**48. An gcaithfidh mé costas an mhuirir, a bheith curtha ar m’fhoirgneamh, a chlúdach?**

Ní chaithfidh. Íocfaidh an t-údarás áitiúil costas chlárú an mhuirir, is é sin €175. Mar sin féin, tá iarratasóirí freagrach as costas a gcomhairle neamhspleách féin a íoc.

**49. Cathain a íocfar mo dheontas?**

Íocfaidh an t-údarás áitiúil an deontas nuair a bheidh na doiciméid riachtanacha go léir amhail sonraisc le haghaidh oibreacha críochnaithe, fianaise ar chead pleanála, fianaise ar thionóntacht/thionóntachtaí atá cláraithe leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe curtha isteach agus nuair a bheidh an chigireacht deiridh ar an aonad/na haonaid chónaithe a cruthaíodh san fhoirgneamh déanta chun a chinntiú go bhfuil na hoibreacha a ceadaíodh faoin deontas críochnaithe.

Ní mór don údarás áitiúil agus do na hiarratasóirí deontais na doiciméid mhuirir dhlíthiúla a shíniú freisin.

Ní mór d'iarratasóirí a sonraí bainc, agus fianaise ar imréiteach cánach a chur isteach dóibh féin agus do na conraitheoirí a rinne oibreacha ar an bhfoirgneamh araon.

Ní mór sonraisc agus/nó admhálacha (más rud é nach bhfuiltear ag éileamh ach le haghaidh ábhar) a chur isteach freisin ionas gur féidir leis an údarás áitiúil iad a dheimhniú. Moltar go ndéanfaí oibreacha/ábhair a bhaineann leis an deontas ceadaithe a shainaithint agus a chur in iúl don údarás áitiúil chun an próiseas seiceála agus deimhnithe a bhrostú.

**50. Cén fáth a bhfuil gá le himréiteach cánach a chur isteach domsa agus do mo chonraitheoir(í) araon?**

Is ceanglas de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim é seo maidir le híocaíocht deontas ag comhlachtaí poiblí. Is ar an iarratasóir atá an fhreagracht as imréiteach cánach a fháil agus a sheiceáil do chonraitheoirí atá fostaithe chun oibreacha ceadaithe deontais a dhéanamh.

Moltar d'iarratasóirí, sula n-íocann siad conraitheoir as oibríochtaí tógála a dhéantar, deimhniú imréitigh cánach an chonraitheora a lorg sula ndéanann siad íocaíocht.

Beidh fianaise ar imréiteach cánach an chonraitheora/na gconraitheoirí ag teastáil ón údarás áitiúil le haghaidh gach íocaíochta a eisítear do chonraitheoir(í) de €650 agus os a chionn sula n-eiseofar íocaíocht deontais. Mura n-iarrann an t-iarratasóir imréiteach cánach dá chonraitheoirí nó mura bhfuil an t-iarratasóir in ann a n-imréiteach cánach féin a chur ar fáil, ní íocfar deontas nó beidh moill ar an íocaíocht mar thoradh air sin.

Tá tuilleadh eolais maidir leis an gceanglas seo le fáil anseo: https://www.revenue.ie/en/starting-a-business/tax-clearance/when-is-a-tax-clearance-certificate-required/to-apply-for-certain-grants-and-public-sector-contracts.aspx**.** Tá sainmhíniú ar Oibríochtaí Tógála le fáil in Aguisín 2 d'Imlitir na Roinne Airgeadais. https://circulars.gov.ie/pdf/circular/finance/2006/44.pdf

Éilíonn na Coimisinéirí Ioncaim imréiteach cánach freisin ar fhaighteoirí deontais i gcás aon íocaíocht deontais a íoctar os cionn €10,000.

**51. An féidir liom achomharc a dhéanamh mura n-éiríonn le m'iarratas ar an deontas?**

Is féidir, mura n-éiríonn le d'iarratas, is féidir leat an fhoirm achomhairc teimpléid a íoslódáil ó shuíomh gréasáin d'údaráis áitiúil. Ní mór duit scríobh laistigh de thrí seachtaine ó dháta an chinnidh bhunaidh, agus a mhíniú go soiléir cén fáth a bhfuil achomharc á dhéanamh agat. Déanfaidh oifigeach de chuid an údaráis

áitiúil nach raibh baint aige/aici leis an measúnú bunaidh an t-achomharc seo a mheas agus déanfaidh sé/sí teagmháil leat leis an toradh. D'fhéadfadh suas le sé seachtaine a bheith i gceist leis an bpróiseas seo.

**52. Tá tuilleadh ceisteanna agam faoin Deontas ar Réadmhaoin Fholamh Os Cionn an tSiopa, cé air gur féidir liom ceist a chur?**

Má tá aon cheist agat, déan teagmháil le hOifigeach na dTithe Folmha i d'údarás áitiúil. Chun liosta a fháil de gach Oifigeach Tithe Folamh i ngach údarás áitiúil agus a sonraí teagmhála a fháil, féach ar an eolas anseo.

An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage

Ciste na mBailte Croí Cónaithe